Curaclam
Thuaisceart Éireann

Mo Shaol atá ag Athrú:
Aonad Téamach

Infhostaitheacht: Staidéar Ar Ollmhargaí

Ag Foghlaim don Saol agus don Obair (MFM)

Grúpa na Scríbhneoirí

Nora O Baoil, Fleming Fulton School, Béal Feirste ***(Eagarthóir)***
Mura Kennedy, Fleming Fulton School, Béal Feirste ***(Eagarthóir)***

Avril Fryer, Rostulla School, Baile na Mainistreach
Ruth McCreadie, Longstone School, Béal Feirste
June Richardson, Cedar Lodge School, Béal Feirste
Fionnuala Saunders, St Gerard's Education Resource Centre, Béal Feirste
Pauline Brady, Rathmore Guidance Centre, Aontroim
Colm Hassan, Belmont School, Doire
Mary Connolly, Erne School, Inis Ceithleann
Eileen McKeown, Erne School, Inis Ceithleann
Mary McKendry, Castle Tower School (Loughan Campus), an Baile Meánach

Múinteoirí Comhlacha

Denise Maguire, Newtownabbey Educational Guidance Centre
Bronac O'Connell, Sunlea Educational Guidance Centre, Cúil Raithin

Foilseachán de chuid CCEA ©2012

www.nicurriculum.org.uk

Grianghraf Clúdaigh: Bubbles Photo Library

Teideal an Aonaid: Mo Shaol atá ag Athrú

Fo-Théama: Infhostaitheacht: Staidéar Ar Ollmhargaí

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta: Bainistiú Faisnéise

Cuspóir Curaclaim: An duine óg a fhorbairt mar rannpháirtí sa tsochaí

Eochair-Eilimintí: Tuiscint phearsanta, comhthuiscint, meon morálta, feasacht spioradálta, saoránacht, tuiscint chultúrtha, infhostaitheacht, oideachas don fhorbairt inbhuanaithe

Dearcadh agus Méin: Freagracht phearsanta, comhbhá le daoine eile, tiomantas/diongbháilteacht/seiftiúlacht, toil éisteacht le smaointe úra, féinmhuinín/soirbheachas/pragmatachas, fiosracht, meanma pobail, solúbthacht, caoinfhulaingeacht, ionracas/misneach morálta, meas

Eispéiris Foghlama: Fiosrúchán agus fadhbréiteach, naisc idir réimsí curaclaim, ábhartha agus taitneamhach, saibhreas meán a bheith ann, scileanna comhtháite ann, gníomhach agus teagmhálach, rogha á tairiscint, dúshlánach agus suimiúil, timpeallacht thacúil, éagsúlacht chultúrtha, atreisiú dearfach, éagsúlacht ann le freastal ar stíleanna éagsúla foghlama, athmhachnamh leanúnach, bunaithe ar fhiosrú

Nascann na hAonaid Théamacha sraitheanna de *Fhoghlaim don Saol agus don Obair,* in Forbairt Phearsanta, in Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda, in Eacnamaíocht Bhaile agus an Infhostaitheacht le chéile agus léiríonn siad an dóigh a gcuireann siad le tuiscint de théama lárnach. Cuirtear roinnt gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc agus measúnaithe ar fáil (agus áiseanna tacaíochta leo) le cuidiú leat tabhairt faoi eochair-eilimintí agus Ráitis an Íosriachtanais Churaclam Thuaisceart Éireann agus iad a thuiscint agus a fhorbairt.

Cuireann gach Aonad Téamach leis an riachtanas reachtúla maidir le *Foghlaim don Saol agus don Obair* agus nasctar fosta le Réimsí eile Foghlama. Cuirtear deiseanna ar fáil fosta le *Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta* na ndaltaí a fhorbairt agus na prionsabail de *Mheasúnú Chun Foghlama* a chomhshnaidhmeadh ann agus a nascadh leis na *Scileanna Traschuraclaim*.

Níl na haonaid éigeantach agus níl siad ar an aon chur chuige amháin le haghaidh Churaclam Thuaisceart Éireann. Ní chaithfear iad a leanúint go docht. Ina áit sin, moltar roghnú as na réimsí leathan gníomhachtaí foghlama, teagaisc agus measúnaithe sna haonaid agus nuair is cuí, iad a chur in oiriúint agus a leathnú do na ranganna agat.

Ráitis Íosriachtanais

Seo na Ráitis Íosriachtanais a dtugtar fúthu san aonad seo:

Infhostaitheacht
Obair sa Gheilleagar Áitiúil agus Dhomhanda
Cur síos a dhéanamh ar chineálacha difriúla oibre agus fiosrú a dhéanamh ar réimse na fostaíochta sa cheantar áitiúil, lena n-áirítear aon athruithe i dtreochtaí fostaíochta, ag tabhairt san áireamh na n-impleachtaí don phleanáil ghairme

Infhostaitheacht
Obair sa Gheilleagar Áitiúil agus Dhomhanda
Fiosrú a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn eagraíochtaí oibre ag cur leis an gheilleagar

Infhostaitheacht
Bainistiú Gairme
Réimse de phoist choitianta agus neamhchoitianta a fhiosrú

Eochaircheist	Cuspóir Foghlama Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí ...	Gníomhaíochtaí Féideartha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe	Scileanna agus Ábaltachtaí
Cá háit ar féidir liom siopadóireacht a dhéanamh?	... faisnéis a roghnú, a rangú agus comparáid a dhéanamh uirthi trí thaighde a dhéanamh.	Déanaigí machnamh le chéile ar an réimse leathan siopaí atá ar fail do thomhaltóirí inniu. I dtosach báire, cuir béim ar na cineálacha siopaí atá sna ceantair in aice leis an scoil, agus ansin leathnaigh sin amach chuig cathracha agus chuig ceantair faoin tuath. Déan liosta de smaointe na bhfoghlaimeoirí ar smeach-chairt nó ar leabhar. Thiocfadh leat feidhm a bhaint as an idirlíon le smaointe a spreagadh, mar shampla www.4ni.co.uk	Úsáid a bhaint as a smaointe féin agus smaointe daoine eile le foinsí faisnéise a aimsiú

Ta Bileog Áiseanna sa Leabhrán seo

Tá Gníomhaíocht Ar Líne (AL) nó Gníomhaíocht PowerPoint (PP) ar fáil ar www.nicurriculum.org.uk

Is Scileanna Tras-churaclaim iad na táib síud atá clóite sa chló **oráiste**

Is Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta iad na táib siúd atá clóite sa chló **bhuí**

Eochaircheist	Cuspóir Foghlama Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí ...	Gníomhaíochtaí Féideartha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe	Scileanna agus Ábaltachtaí
Cén t-eolas atá agam ar ollmhargaí?	... faisnéis chuí a aimsiú, a shórtáil agus a rangú.	Ag baint úsáid as Áis 1, fiosraigh smaointe faoi cad is ollmhargadh ann. Faigh amach an bhfuil eolas ar bith ag na foghlaimeoirí ar na mór-ollmhargaí clúiteacha. **Áis 1: Fíricí Ollmhargaidh** Más féidir, thiocfadh leis na foghlaimeoirí grianghraif a ghlacadh den taobh amuigh de na hollmhargaí agus lipéad a chur orthu le taispeántas a dhéanamh. Thiocfadh leat grianghraif a íoslódáil ó shuíomhanna gréasáin, mar shampla www.tesco.co.uk nó www.sainsburys.co.uk (Cuir i gcuimhne do na foghlaimeoirí gur choir dóibh 'Íomhánna' a roghnú seachas 'Gréasán' le cuardach pictiúr a dhéanamh trí inneall cuardaigh.)	Úsáid a bhaint as a smaointe féin agus smaointe daoine eile le foinsí faisnéise a aimsiú **Cumarsáid –** Smaointe a fhorbairt, a chur in iúl agus a chur i láthair ar dhóigheanna éagsúla agus i bhformáidí éagsúla, ag úsáid áiseanna traidisiúnta agus digiteacha **TFC a úsáid –** Sonraí agus faisnéis a rochtain agus a bhainistiú **TFC a úsáid –** úsáid a bhaint as réimse ábhar digiteach le smaointe agus faisnéis a chruthú, a fhorbairt, a chur i láthair agus a fhoilsiú

Eochaircheist	Cuspóir Foghlama Beidh deis ag foghlaimeoirí …	Gníomhaíochtaí Féideartha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe	Scileanna agus Ábaltachtaí
Cad é is ollmhargadh ann?	… smaoineamh go criticiúil agus machnamh a dhéanamh ar an rud a d'fhoghlaim siad.	Teacht ar shainmhíniú ar an fhocal 'ollmhargadh': is siopa féinfhreastail é ollmhargadh a thairgeann réimse leathan earraí bia agus tí, eagraithe i ranna. Go ginearálta, bíonn siad níos mó ná siopaí traidisiúnta grósaera agus níos lú ná hipearmhargaí. Bígí ag smaoineamh le chéile ar an leagan amach tipiciúil a bhíonn ar ollmhargadh. Fiosraigh le do chuid foghlaimeoirí cad chuige a gcuireann ollmhargaí na príomhbhianna (leithéidí aráin, bainne agus siúcra) i bhfad ar shiúl óna chéile, nó cad chuige a gcuireann siad milseáin ag na cuntair amach. Mínigh faoin dóigh a bhfógraítear 'treoirearraí caillteanais' (táirgí a dhíoltar le corrlach diúltach brabúis) le custaiméirí a mhealladh isteach sa siopa. Fiafraigh de na foghlaimeoirí an raibh cathú orthu (nó ar a dtuismitheoirí) rud éigin a cheannach riamh nach raibh ar a liosta teachtaireachtaí. Mínigh go bhfuil ainm speisialta air seo – ceannach tallannach. Cuir ceist orthu ar thug siad faoi deara riamh cad iad na céadfaí a bhíonn in úsáid acu a luaithe agus a théann siad isteach in ollmhargadh, agus an dóigh leo go dtéann na céadfaí sin i bhfeidhm ar na rudaí a cheannaíonn siad. Gabh tríd an chur i láthair PowerPoint agus mínigh é, ionas go dtuigfidh na foghlaimeoirí go bhfuil gnéithe i leagan amach ollmhargaidh a ndearnadh taighde cúramach orthu leis an méid airgid is mó a mhealladh ón chustaiméir. **PP: Iompraíocht Ollmhargaidh!** Tabhairigí cuairt ar cheann de na hollmhargaí móra slabhra le chéile agus iarr ar na foghlaimeoirí Áis 2 a chomhlánú. Cuideoidh an chuairt seo leis na foghlaimeoirí an eolaíocht a bhaineann le leagan amach an ollmhargaidh a fheiceáil agus a thuiscint. **Áis 2: Ag Fiosrú San Ollmhargadh!**	Faisnéis a roghnú, a rangú, comparáid a dhéanamh uirthi agus í a luacháil **Cumarsáid –** Éisteacht le díospóireachtaí agus bheith páirteach iontu **Cumarsáid –** Faisnéis, smaointe, tuairimí agus mothúcháin a chur in iúl, ag baint úsáid as stór focal níos leithne **Cumarsáid –** Faisnéis a aimsiú, a roghnú agus a úsáid ó réimse foinsí

Eochaircheist	Cuspóir Foghlama Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí ...	Gníomhaíochtaí Féideartha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe	Scileanna agus Ábaltachtaí
Cad é is ollmhargadh ann?	... smaoineamh go criticiúil agus machnamh a dhéanamh ar na rudaí a d'fhoghlaim said.	Eagraigh cuairt eile (nó aon chuairt fhada amháin) agus déan na fiosrúcháin in Áis 3. Cuidíonn na leathanaigh oibre seo le foghlaimeoirí machnamh a dhéanamh ar na háiteanna as a bhfaightear na hearraí san ollmhargadh, agus baineann siad le freagraí a thaifeadadh. Déantar an fhoghlaim a neartú in Áis 4, agus b'fhéidir go mbeadh an áis seo níos fóirsteanaí do chuid de na foghlaimeoirí. **Áis 3: Fiosrúchán Ollmhargaí** **Áis 4: Cá hAs a dTagann Rudaí?**	

Eochaircheist	Cuspóir Foghlama Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí ...	Gníomhaíochtaí Féideartha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe	Scileanna agus Ábaltachtaí
Cén dóigh a dtéann na hollmhargaí móra i bhfeidhm ar an áit a bhfuil tusa i do chónaí?	... réimse saincheisteanna a fhiosrú a théann i bhfeidhm ar phobal.	Cuid de na miondíoltóirí beaga neamhspleácha (grósaeirí, poitigéirí, solathróirí peataí, siopaí eischeadúnais agus siopaí crua-earraí), bíonn siad ag streachailt le teacht slán agus iad in iomaíocht leis na hollmhargaí móra. Bain úsáid as Áis 5 le béim a leagan ar chuid de na saincheisteanna a bhaineann leis seo trí mhachnamh a dhéanamh ar cheithre bhuntáiste agus ar cheithre mhíbhuntáiste a bhaineann le hollmhargaí. Thiocfadh leat an topaic seo a fhorbairt níos faide trí thaighde a dhéanamh ar chuid den iliomad foinsí faisnéise atá ar fáil ar an idirlíon. **Áis 5: Ollmhargaí: Pointí Maithe agus Drochphointí** *Is féidir leat naisc a dhéanamh chuig An Timpeallacht agus Sochaí (Stair) trí: Taighde a dhéanamh ar an tsiopadóireacht 'sna laethanta fadó'.*	Ceisteanna fócasaithe a chur **TFC a úsáid –** Taighde a dhéanamh ar fhaisnéis, í a roghnú, a phróiseáil agus a léirmhíniú

Eochaircheist	Cuspóir Foghlama Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí ...	Gníomhaíochtaí Féideartha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe	Scileanna agus Ábaltachtaí
Cá has a dtagann na táirgí san ollmhargadh?	... áiseanna éagsúla a úsáid le foinsí faisnéise a fhiosrú.	Cuairt a thabhairt ar réimse leathan siopaí, mar shampla siopa glasraí, siopa búistéara, ceannaí éisc, siopa grósaera agus siopa crua-earraí. Is fearr na foghlaimeoirí a chur ag obair i ngrúpaí beaga leis an ghníomhaíocht in Áis 6 a chomhlánú. Pléigh torthaí a gcuid taighde leis na foghlaimeoirí, agus fiafraigh díobh cad é a shíleann siad faoi thacú le tionsclaíocht áitiúil. **Áis 6: Táirgí Áitiúla** Bain úsáid as Áis 7 le díriú níos mó ar na gnéithe domhanda den bhia agus de na táirgí atá ar fáil inár gcuid siopaí. Scar na foghlaimeoirí ina dtrí ghrúpa, agus tabhair leathanach amháin ó Áis 7 do gach grúpa. B'fhéidir gurbh fhearr leat cóipeanna méadaithe a dhéanamh den leathanach ionas gur féidir iad a chur ar taispeáint. Iarr ar na foghlaimeoirí íomhá a aimsiú ar líne nó grianghraf a ghlacadh de gach táirge agus an pictiúr a ghreamú thar an ainm clóbhuailte i gcolún na láimhe clé. Do na foghlaimeoirí, leagann an áis seo béim ar an fhíric go dtagann a gcuid siopadóireachta ó áiteanna ar fud an domhain agus go bhfuil réimse leathan oibrithe fostaithe i dtáirgeadh agus i seachadadh bia. I ndiaidh dóibh an leathanach oibre a chomhlánú, pléigh leo na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bheith ina dtomhaltóirí i slabhra domhanda bia. Más cuí, thiocfadh leat labhairt faoi chruthú fostaíochta, ról na n-oibrithe Cóirthrádála, an dochar a dhéantar don timpeallacht, agus dúshaothrú oibrithe. **Áis 7: Thart an Domhan**	Spriocanna a phleanáil agus a shocrú **Cumarsáid –** Éisteacht le díospóireachtaí agus míniúcháin agus bheith páirteach iontu **Cumarsáid –** Fianaise a úsáid ó théacsanna le tuairimí a mhíniú

Eochaircheist	Cuspóir Foghlama Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí ...	Gníomhaíochtaí Féideartha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe	Scileanna agus Ábaltachtaí
Cé a oibríonn in ollmhargadh?	... machnamh a dhéanamh ar réimse gairmeacha.	Pléigí le chéile an réimse leathan post atá ag daoine a oibríonn in ollmhargaí. Tabhair tacaíocht do na foghlaimeoirí agus iad ag déanamh taighde ar réimse na bpost, ó bhainisteoirí ceantair chuig na daoine a líonann na seilfeanna. Bain úsáid as Áis 8 le fócasú ar chuid de na poist seo. **Áis 8: Daoine A Oibríonn In Ollmhargaí** Amharc ar nuachtáin áitiúla, ar mhalartáin fostaíochta nó ar shuíomhanna gréasáin earcaíochta, roghnaigh roinnt post agus cuir ar taispeáint iad mar cholláis ar an bhalla. Cuir béim ar an fhaisnéis thábhachtach, amhail taithí, cáilíochtaí, uaireanta oibre, tuarastal agus/nó oiliúint taobh istigh den siopa. Pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le cuid de na poist a mbeadh spéis ag na foghlaimeoirí cur isteach orthu. Tóg air seo leis an ghníomhaíocht PowerPoint. Thiocfadh leat é seo a chur i láthair mar chluiche gluaisteach: cuir pictiúr de dhuine de na hoibrithe ollmhargaidh i ngach cúinne den seomra, scairt amach cuid de chur síos ar phost duine amháin acu, agus iarr ar na foghlaimeoirí seasamh in aice leis an fhreagra cheart. **PP: Tomhais Mo Phost** Cuairt ar ollmhargadh áitiúil a eagrú ionas gur féidir leis na foghlaimeoirí labhairt leis na fostaithe faoi na poist atá acu. Bain úsáid as Áis 9 leis na torthaí. **Áis 9: Poist in Ollmhargaí**	Faisnéis a roghnú, a rangú agus a luacháil **Cumarsáid –** Labhairt go soiléir agus an chaint a struchtúrú ionas gur féidir le daoine eile smaointe a thuiscint **Cumarsáid –** Tuairimí a chur isteach, ceisteanna a chur agus freagra a thabhairt ar dhearcthaí daoine eile

Eochaircheist	Cuspóir Foghlama Beidh deiseanna ag foghlaimeoirí ...	Gníomhaíochtaí Féideartha Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe	Scileanna agus Ábaltachtaí
Cad iad na poist a bhaineann le stoc a choinneáil sna hollmhargaí?	... fiosrú a dhéanamh ar thábhacht na bhfachtóirí ó thaobh amuigh den tír seo ar an gheilleagar againn.	Réimse leathan cineálacha bia a thaispeáint do na foghlaimeoirí, nó grianghraif de chineálacha bia, ó ar fud an domhain, mar shampla, bananaí, rís, tae, seacláid, caife agus cnónna cócó (tá siad seo uilig ar an PowerPoint). Pléigh nádúr domhanda ghnó na n-ollmhargaí leo. Tabhair deis do na foghlaimeoirí oibriú tríd an ghníomhaíocht idirghníomhach PowerPoint agus pléigí na ceisteanna le chéile. Bain úsáid as na ceisteanna díospóireachta ar an sleamhnán deireanach lena spreagadh le smaoineamh faoi bheathaí na n-oibrithe agus faoin chiall atá leis an fhocal Cóir-thrádáil. **PP: Oibrithe Ar Fud An Domhain** Pléigí le chéile an fhíric go bhfuil poist i gceist le táirgí bia a iompar chomh maith le bia a tháirgeadh. Leagann Áis 10 béim ar na feithiclí éagsúla dtiocfadh leo bheith i gceist. **Áis 10: Turais an Bhanana!** Taispeáin paicéad ríse dóibh agus iarr ar na foghlaimeoirí smaoineamh ar a mhéad oibrithe agus is féidir leo a bhí páirteach i dturas na ríse ó na goirt ríse chuig an tábla againne. Smaoinigh, mar shampla, ar na daoine seo a leanas: – plandóirí ríse; – pacadóirí ríse; – ealaíontóirí leis an phacáistiú a dhearadh; – daoine leis an phacáistiú a tháirgeadh; – daoine leis na cineálacha iompair atá i gceist a oibriú (leoraithe, eitleáin agus/nó báid); agus – lucht siopa leis an rís a dhíol linn. B'fhéidir go mbeadh cuid de na foghlaimeoirí ábalta bheith páirteach i sampláil phost nó i gcomhroinnt phost in ollmhargadh áitiúil.	Smaointe dá gcuid féin agus smaointe daoine eile a úsáid le foinsí a aimsiú **Cumarsáid –** Faisnéis, smaointe, tuairimí agus mothúcháin a chur in iúl **Cumarsáid –** Éisteacht le díospóireachtaí agus le míniúcháin agus bheith páirteach iontu **Cumarsáid –** Réimse téacsanna a léamh le faisnéis agus smaointe a fháil

Áiseanna

Fíricí Ollmhargaidh

Áis 1

An raibh na fíricí seo faoi ollmhargaí ar eolas agat?

Tá tuairim is 70% de mhargadh na grósaeireachta sa Ríocht Aontaithe i seilbh na sé ollmhargadh is mó.	An féidir leat na ceithre ollmhargadh is mó sa RA a ainmniú? T _ _ _ o A _ _ a S _ _ _ _ _ _ _ _ 's M _ _ _ _ _ _ _ s
Bíonn breis agus 200 cineál torthaí úra agus glasraí úra le fáil sa roinn táirgí úra in ollmhargadh tipiciúil.	Fástar roinnt cineálacha torthaí agus glasraí sa tír seo. An dtig leat ceann ar bith acu a ainmniú?
Maíonn na hollmhargaí móra go gcuireann siad rogha, bia saor, forbairt agus poist ar fáil nuair a osclaítear ceann i mbaile mór.	Maíonn siopaí beaga neamhspleácha (de chuid mhuintir na háite) nach dtig leo dul san iomaíocht le comhlachtaí móra dá leithéid.
As gach seacht bpunt (£7) a chaitear i siopaí na Breataine Móire, caitear punt amháin (£1) sa slabhra ollmhargaí is mó.	Má chailltear siopaí áitiúla neamhspleácha, thig leis drochthionchar a imirt ar dhaoine atá ar ioncam níos ísle agus nach bhfuil úsáid cairr acu.

Gabh chuig an Roinn Torthaí agus Glasraí.
Faigh torthaí nó glasraí a thig isteach sa tír seo in eitleán (bíonn lipéad eitleáin orthu de ghnáth).

An dtig leat ceithre ghlasra a aimsiú a fhástar i dTuaisceart Éireann? Liostaigh anseo iad.

1. _____ 3. _____

2. _____ 4. _____

Gabh chuig Roinn an Bhia Fhuaraithe.
Seo an áit a stóráiltear 'bia ardriosca'. Ainmnigh ceithre tháirge atá le feiceáil sna caibinéid fhuara.

1. _____ 3. _____

2. _____ 4. _____

An dtig leat béilí réamhullmhaithe a fháil sa roinn seo (mar shampla, lasagna úr nó tikka sicín)?

_____

An dtig leat béilí réamhullmhaithe a fháil (mar shampla, brúitín prátaí nó cóilis le cáis)?

_____

Fiosrúchán Ollmhargaí (1 as 3)

Áis 3

Ainm: _____ **Dáta:** _____

Tasc: Dul ag siopadóireacht in ollmhargadh.

(1) Cén siopa a rachaidh tú chuige? (2) Suíomh an tsiopa:

_____ _____

Déan do liosta siopadóireachta. Cuir na hearraí seo a leanas air:

bainne
prátaí
caife
uisce buidéalaithe
stán anraith
arán

Cuir an admháil sa spás thíos.

Ainm: _____ **Dáta:** _____

Tasc: Faigh amach cá has a dtagann do chuid siopadóireachta. Amharc ar na hearraí. Labhair faoi do chuid freagraí.

- bainne
- prátaí
- caife
- uisce buidéalaithe
- stán anraith
- arán

Fiosrúchán Ollmhargaí (3 as 3)

Áis 3

Ainm: _____ **Dáta:** _____

Tasc: Cad é mar a tháinig do chuid siopadóireachta chuig an siopa? Ar thaistil sé bealach fada?

Cineálacha iompair

- bainne
- prátaí
- caife
- uisce buidéalaithe
- stán anraith
- arán

Mayer Johnson PCS Symbols © Mayer Johnson LLC (déan teagmháil le Widgit Software www.widgit.com)

Cá hAs a dTagann Rudaí? (1 as 2)

Áis 4

Agus tú san ollmhargadh, faigh amach carb as do na rudaí seo. Scríobh ainm na háite nó ainmneacha na n-áiteanna sa bhosca taobh le gach earra.

	

Cá hAs a dTagann Rudaí? (2 as 2)

Áis 4

Smaoinigh faoi cá has a dtagann gach táirge agus faoin dóigh arbh fhéidir é a iompar a fhad leis an ollmhargadh. Gearr agus greamaigh modh féideartha iompair do gach táirge.

	



Ollmhargaí: Pointí Maithe agus Drochphointí (1 as 2)

Áis 5

Smaoinigh ar cad é **nach bhfuil chomh maith** sin faoi ollmhargaí. Cad é mar a théann siad oi bhfeidhm ar dhaoine?

	Cineál an tSiopa	
	Ollmhargadh	Siopa áitiúil
Cá has a dtagann na rudaí sa siopa? Smaoinigh ar shamplaí.		
Cá fhad a tháinig na rudaí atá ar díol sa siopa?		
Cad é mar atá na praghsanna?		
Cad é mar a thig leat dul chuig an siopa?		

Ollmhargaí: Pointí Maithe agus Drochphointí (2 as 2)

Áis 5

Smaoinigh ar cad **éatá maith** sin faoi ollmhargaí. Cad é mar a théann siad oi bhfeidhm ar dhaoine?

	Cineál an tSiopa	
	Ollmhargadh	Siopa áitiúil
Cad iad na huaireanta oscailte?		
An bhfuil a lán rudaí difriúla ar díol ann? Smaoinigh ar shamplaí.		
Cén cineál siopa a dtig leis post a thabhairt do dhaoine?		
Cén cineál siopa a dtig leis cuidiú linn ar scoil?		



Tasc: Cuardaigh earraí a rinneadh agus a fásadh sa cheantar áitiúil i siopa áitiúil.

(1) Cén siopa a rachaidh tú chuige? _____

(2) Suíomh an tsiopa: _____

Déan do liosta siopadóireachta. Ná déan dearmad earraí a rinneadh nó a fásadh i dTuaisceart Éireann a chuardach nó a iarraidh orthu. Cuir suas do liosta siopadóireachta agus an admháil a fuair tú sa spás thíos i ndiaidh duit an turas seo a dhéanamh.

Thart an Domhan (1 as 3)

Áis 7

Fíon	ón	Astráil
Bananaí	ó	Iamáice
Ispín francfurtair	ón	Ghearmáin
Spaigití	ón	Iodáil
Bláthanna	ón	Ísiltír
Laethanta saoire scíála	ón	Ostair
Piseanna talún	ó	Stáit Aontaithe Mheiriceá

Thart an Domhan (2 as 3)

Áis 7

Oinniúin	ón	Spáinn
Caife	ón	Bhrasaíl
Adhmad	ó	Cheanada
Cruithneacht	ó	Stáit Aontaithe Mheiriceá
Liamhás	ón	Danmhairg
Seacláidí	ón	Bheilg
Seilidí	ón	Fhrainc

Thart an Domhan (3 as 3)

Áis 7

Prátaí	ó	Éirinn
Tae	ón	tSín
Uaineoil	ón	Nua-Shéalainn
Oráistí	ón	Afraic Theas
Earraí leictreacha	ón	tSeapáin
Mairteoil	ón	Ríocht Aontaithe

Daoine A Oibríonn In Ollmhargaí

Áis 8

Cad iad na poist atá ag na daoine seo? (Amharc ar na héidí.) Meaitseáil iad leis an táirge a mbíonn siad ag obair leis agus greamaigh na ceithre phictiúr de na táirgí isteach ann.



Poist in Ollmhargaí (1 as 3)

Áis 9

Cad iad na poist atá ag daoine in ollmhargaí? Labhair faoi do chuid smaointe. Tarraing na daoine ag déanamh post agus scríobh de chuid freagraí taobh leis na pictiúir.

Post: _____

Cad é a dhéanann an duine seo ina phost?

_____

_____

Post: _____

Cad é a dhéanann an duine seo ina phost?

_____

_____

Post: _____

Cad é a dhéanann an duine seo ina phost?

_____

_____

Post: _____

Cad é a dhéanann an duine seo ina phost?

_____

_____

Poist in Ollmhargaí (2 as 3)

Áis 9

Tabhairigí cuairt ar ollmhargadh agus scríobhaigí faoin chuairt thíos.

Cén siopa ar thug sibh cuairt air? _____

Cá bhfuil an siopa? _____

Cé a thaispeáin an siopa daoibh? _____

Cén post a dhéanann siad sa siopa? _____

Cuir pictiúr den siopa anseo.

Ar fhoghlaim tú faoi aon phoist úra? Cad é a bhí iontu?

Cuir do fhreagra anseo.

Poist in Ollmhargaí (3 as 3)

Áis 9

Déan agallamh le hoibrí ollmhargaidh agus déan a gcuid freagraí a thaifeadadh anseo.

Céad ainm an duine: _____

Ainm an phoist a dhéanann siad san ollmhargadh: _____

Cad é a dhéanann an duine seo ina phost? _____

_____

Cad é is maith leis an duine seo faoina phost? _____

_____

Cad é nach maith leis an duine seo faoina phost? _____

_____

An dtig **leatsa** smaoineamh ar aon cheisteanna? Scríobh anseo iad.

Turais an Bhanana!

Áis 10

An bhfuil a fhios agat cén cineál iompair a úsáidtear le bananaí a iompar ón áit a fhástar iad chuig an áit a bhfuil tusa? Gearr agus greamaigh na pictiúir sa bhosca cheart.

Baintear úsáid as an chineál seo iompair leis na bananaí a thabhairt ar an turas fada ón áit a bhfástar iad chuig an tír seo.

Baintear úsáid as an fheithicil mhór seo leis na bananaí a iompar ón aerfort go dtí an trádstóras ina stóráiltear iad.

Baintear úsáid as an fheithicil seo leis na bananaí a sheachadadh chuig an ollmhargadh.

Thiocfadh leat dul a shiopadóireacht i gceann acu seo le banana a cheannach!

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning